



Suí iomlánach

A9-0165/2023

28.4.2023

*****I**

TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháiltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (COM(2023)0106 – C9-0027/2023 – 2023/0051(COD))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Sandra Kalniete

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	6
AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH	7
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	8

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a geuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile
(COM(2023)0106 – C9-0027/2023 – 2023/0051(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0106),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0027/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0165/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh an Rialacháin maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin.

Tá Rialachán á mholadh ag an gCoimisiún lena ndéantar na bearta maidir le léirscaoileadh trádála a athnuachan, ar cheart feidhm a bheith aige ar feadh tréimhse bliana ón dáta a rachaidh na bearta reatha in éag. Rachaidh na bearta leanúnacha in éag an 6 Meitheamh 2023. Áirítear sa togra na dleachta custaim uile atá fós le híoc a chur ar fionraí go sealadach faoi Theideal IV den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin lena mbunaítear Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA). torthaí agus glasraí agus táirgí talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta próiseáilte atá faoi réir taraif-chuótaí.

Tá an togra seo cosúil leis an togra atá ar siúl faoi láthair, ach baintear na forálacha maidir le táirgí tionsclaíocha ós rud é nach bhfuil siad faoi réir dleachtanna ón 1 Eanáir 2023. Tugtar isteach leis an togra seo nósanna imeachta coimirce brostaithe ar bhonn faireachán tráthrialta lena bhféadfar dleachtanna custaim a thabhairt isteach an athuair.

Tacaíonn bhur mBuanrapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún agus creideann sí go láidir nach mór dár nInstitiúid leanúint de thacaíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil a thabhairt don Úcráin. Ós rud é go bhfuil stádas ag an Úcráin mar thír is iarrthóir ar an Aontas Eorpach, ó mhí an Mheithimh 2022 i leith, tá oibleagáid orainn dlúthnasc a spreagadh leis an tír sin agus tacú léi acmhainní táirgeachta agus trádála riachtanacha a choinneáil.

Dá bhrí sin, i ndlúthpháirtíocht iomlán leis an Úcráin, ba cheart don Pharlaimint tacú le fadú na mbeart lena n-éascaítear an trádáil agus a chabhraíonn leis an mbeartas trádála, agus vóta a chaitheamh ina leith. In éineacht leis na Lánaí Dlíthpháirtíochta, tá na bearta sin tábhachtach do leanúnachas chobhsaíochta trádála na hÚcráine in aimsir chogaidh arb í an Rúis is cúis leis.

Beidh na bearta sealadacha agus eisceachtúla sin ina gcuidiú chun tacú leis na sreafaí trádála atá ann cheana ón Úcráin go dtí an tAontas. Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an gComhaontú Comhlachais na coinníollacha a bhunú le haghaidh caidreamh feabhsaithe eacnamaíoch agus trádála, ba cheart dúinn tacú leis na gníomhaíochtaí lena n-éascaítear é. Dá réir sin, rachaidh an Úcráin i dtreo comhtháthú de réir a chéile i Margadh Inmheánach an Aontais Eorpaigh. Sna tréimhsí deacra dúshlánacha le linn chogadh ionsaitheach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ní mór dúinne san Aontas tacú leis na gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta sin leis an Úcráin.

Bheadh na bearta léirscaoilte trádála faoi choinníoll go n-urramófaí prionsabail na ceannasachta agus na sláine críche, dosháraitheacht teorainneacha agus neamhspleáchas a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd lena bhforáiltear prionsabail an daonlathais, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú agus prionsabal an smachta reachta a urramú.

I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart do Pharlaimint na hEorpa aontú leis an togra ón gCoimisiún síneadh bliain sa bhreis a chur leis na bearta maidir le léirscaoileadh trádála.

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

Teideal	Léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile
Tagairtí	COM(2023)0106 – C9-0027/2023 – 2023/0051(COD)
Dáta tíolactha chun PE	23.2.2023
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	INTA 13.3.2023
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Sandra Kalniete 14.3.2023
Pléite sa choiste	21.3.2023
Dáta an ghlactha	27.4.2023
Toradh na vótála chríochnaithí	+: 28 –: 1 0: 6
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Barry Andrews, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Raphaël Glucksmann, Markéta Gregorová, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Karin Karlsbro, Bernd Lange, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Alessandra Mussolini, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neved'alová, Ernő Schaller-Baross, Helmut Scholz, Dominik Tarczyński, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Anna Cavazzini, Liudas Mažylis, Javier Moreno Sánchez
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Pablo Arias Echeverría, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Jessica Polfjård, Evelyn Regner, Bogdan Rzońca, Christine Schneider, Isabella Tovaglieri, Loránt Vincze
Dáta don chur síos	28.4.2023

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

27	+
ID	Isabella Tovaglieri
NI	Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó
PPE	Pablo Arias Echeverría, Christophe Hansen, Liudas Mažylis, Alessandra Mussolini, Jessica Polfjärd, Christine Schneider
Renew	Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne
S&D	Raphaël Glucksmann, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Evelyn Regner, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt
The Left	Helmut Scholz
Verts/ALE	Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Markéta Gregorová, Heidi Hautala

1	-
PPE	Elżbieta Katarzyna Łukacijewska

7	0
ECR	Elżbieta Rafalska, Bogdan Rzońca, Dominik Tarczyński
NI	Ernő Schaller-Baross
PPE	Loránt Vincze
S&D	Katarina Roth Nevedalová
The Left	Emmanuel Maurel

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh